

Coláiste Ghobnatan
Baile Mhic Íre
Co. Chorcaí

GUTHÁN: 026-45058
FACS: 026-45755
R-PHOST: oifig@colaisteghobnatan.ie

Ainm: _____

Rang: _____

Seoladh: _____

Fón Baile: _____

Coláiste Ghobnatan
Baile Mhic Íre
Co. Chorcaí

Le síniú

Táim im' scoláire i gColáiste Ghobnatan is mé ag súil le mo laethanta scoile a chaitheamh i dtimpeallacht tacúil, sábháilte, ina mbíonn meas ag gach éinne ar a chéile agus nach bhfuil sé inghlactha go gcuirfimis isteach ar éinne in aon tslí.

Déanfaidh mé mo dhícheall na treoracha a leanas a chur i bhfeidhm chun maitheasa na scoile uile:

- Is Coláiste Lán Ghaeilge é Coláiste Ghobnatan. Mar sin is í an Ghaeilge gnáth theanga an choláiste agus déanfaidh mé mo dhícheall í a úsáid mar mo ghnáth theanga laethúil.
- Beidh meas agam ar fhoireann uile na scoile, ar dhaltaí uile na scoile agus ar ghach a bhaineann leo agus leis an scoil.
- Ní bheidh mé mar chúis gortaithe ag éinne sa scoil pé acu go fisiciúil, de bharr mo chuid cainte nó aon iompair mí-oiriúnach eile.
- Ní chuirfidh mé bac ar chúrsaí foghlama ná ar pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile i gcás dalta ar bith.
- Déanfaidh mé mo dhícheall cosc a chur ar bhulaíocht agus deireadh a chur leis má thugaim fé ndeara é.
- Cloífidh mé le mana an Choláiste – “Go buaic do chumais” – chun mo mhaitheasa féin agus maitheas do dhaoine eile.

Sínithe: _____

Dáta: _____

Imeachtaí Scoile

(Turasanna Oideachasúla, Taithí Oibre, & rl.)

Le linn na scoil bliana, téann na daltaí ar thurasanna oideachasúla de gach saghas (turasanna eolaíochta, staire, tíreolaíochta, go drámaí agus iliomad turasanna eile. Téann daltaí na hIdirbhliana ar thaithí oibre agus ar thurasanna eachtraíochta agus ar

thurasanna speisialta eile.

Tá cead á lorg againn do leanbh a thabhairt ar a leithéid de thurasanna.

Cead (Tuismitheoir/Caomhnóir)

Síniú: _____

I gCás Breoiteachta

Má tharlaíonn le linn am scoile go mbeidh sé riachtanach, de thoradh tionóisce nó breoiteachta obann, do leanbh a thógaint go dtí an dochtúir nó go dtí an t-ospidéal, tá sé tábhachtach dúinne go mbeadh cead faighte againn roimh ré a leithéid a dhéanamh.

Tugaimse _____ mo chead
d'údaráis Choláiste Ghobnatan mo leanbh
_____ a thabhairt chuig an
dochtúir nó go dtí an t-ospidéal chun cóir leighis a fháil in am
práinne.

Foilsíú Pictiúir

Tógtar pictiúir d'eachtraí scoile éagsúla i gcaitheamh na bliana agus mar pháirt den aitheantas a tugtar dár ndaltaí foilsítear na pictiúir ar nuachtlitir/bileoga eolais an Choláiste/Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus ar shuíomh Idirlín an Choláiste chomh maith leis na gréasáin shóisialta Facebook agus Twitter. Mar sin ba mhór linn dá dtabharfá do chead aon phictiúir le do leanbh ann a fhoilsíú mar atá luaite thuas.

Tugaimse _____ mo chead* d'údaráis Choláiste
Ghobnatan aon phictiúir le mo leanbh _____ ann a

fhoilsiú mar atá léirithe thuas.

*Bíonn an ceart agat i gcónaí do chead a aistharraingt ach é a chur in iúl d'údaráis na scoile.

Foirm Toilithe um Fhíschomhráite/Teagmháil Aghaidh ar Aghaidh don Tuismitheoir/Caomhnóir

Físchomhráite/Físchomhdhálacha Aghaidh ar Aghaidh um an Teagasc agus an Fhoghlaim	Toilím	Ní Thoilím
Toilím/Ní thoilím chun mo leanbh a bheith rannpháirteach i bhfíschomhráite/físchomhdhálacha <u>ar bhonn duine le duine</u> , leis na múinteoirí um sholáthar ranga/ceachta agus/nó tacaíocht foghlama.		
Físchomhráite/Físchomhdhálacha Aghaidh ar Aghaidh um Theagmháil agus Tacaíocht		
Toilím/Ní thoilím chun mo leanbh a bheith rannpháirteach i nglaochanna aghaidh ar aghaidh le baill foirne ceaptha, ar son seiceálacha isteach um theagmháil, cúram agus tacaíocht leanúnach		
Taifid Fuaime/Físe a Roinnt (do thascanna ranga)		
Toilím/Ní thoilím do shonraí pearsanta mo leanbh a roinnt le múinteoir ceaptha, ar son measúnaithe agus moltaí le linn na tréimhse Covid 19. Tabhair do d'aire go scriosfar an ghearrthóg laistigh den am fráma atá leagtha		

síos.		
Sonraí Pearsanta a Roinnt		
Toilím/Ní thoilím go dtabharfar mo shonraí teagmhála/sonraí teagmhála mo leanbh chuig baill foirne ceaptha, ar son na bhfíschomhráite mar a thoilítear dóibh thuasluaite.		

Chun go gcinntítear úsáid inghlactha na gclár um fhíschomhráite nó taifid físe/fuaime, ní mór duit glacadh leis na gcoinníollacha a leanas maidir le haon toilithe thuasluaite a sholáthraítear:

- Tuigim go bhfuil an fhreagracht orm athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha um conas a úsáideann mo scoil an clár ceaptha agus sonraí mo leanbh a bhainistiú, lena n-áirítear socruithe príobháideachais, fianáin srl.
- Cinnteoidh mé go mbeidh na nuashonraithe riachtanacha agam ar an ngléas a úsáidfídh mo leanbh um fhíschomhráite, cosúil le nuashonraithe oibriúcháin an chórais (cosúil le iOS nó Android), agus bogearra frithvíreas oiriúnach agus suas-chun-dáta air.
- Rachaidh mé i mbun maoirseachta ar rannpháirtíocht mo leanbh, agus glacfaidh mé freagracht as iompar ar líne mo leanbh ar na gcláir faofa. Tuigim go mbaineann Cód Iompair na scoile le hidirghníomhaíocht ar líne.
- Tuigim go mbíonn díonchosc ar aon taifead a dhéanamh ar fhíschomhrá/cruinniú/rang beo, agus/nó é a roinnt, ag foghlaimoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí nó baill foirne, tríd an taifeadadh atá le fáil ar an gclár sin, nó tríd aon ghléas eile a úsáid, m.s guthán, gan cead scríofa díreach a fháil ó ngach páirtí bainteach leis an nglaoch roimh ré, agus is féidir gníomh smachtaithe faoin gCód Iompair na Scoile/Ionad a bheith mar thoradh d’aon taifead mar seo.
- Cinnteoidh mé nach roinneann mo leanbh aon taifead um theagasc agus foghlaim a dhéantar ar na gcláir.
- Tuigim go bhféadfadh le múinteoir ranga mo leanbh

barúlacha atá curtha suas ag mo leanbh a bhaint le linn na teagmhála ar líne, agus is féidir leo bac a chur ar an bhfeidhm bhárúla do mo leanbh, má chuireann sé/sí suas aon bharúil atá míchuí.

- Tuigim go bhféadtar mo thoiliú chun a bheith rannpháirteach i bhfíschomhrá nó i dtaifead físe/fuaime a aistharraingt ag aon am. Déanfaidh mé teagmháil le múinteoir ranga mo leanbh, nó príomhoide na scoile, más mian liom toiliú don seirbhís seo a aistharraingt.
- Tuigim go leantar le cur i bhfeidhm an Bheartais um Chosaint Leanaí don Scoil/Ionad agus go ndéanfar tuairisc chuig an nGarda Síochána nó an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tusla, faoi aon ábhar imní do nádúr dáiríre, mar a leagtar amach inár mbeartas um chosaint leanaí.

Síniú an Tuismitheora/Caomhnóir	
Dáta	

Foirm Toilithe do Dhaltaí os cionn 18 mbliana d'aois maidir le Comhroinnt Sonraí Pearsanta

Leis seo, iarraimse, _____, dalta i gColáiste Ghobnatan, atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, ar Choláiste Ghobnatan mo shonraí pearsanta a thabhairt don **aosach**/do na **haosaigh** atá ainmnithe thíos agus go dtabharfaí na sonraí sin ar an mbealach céanna, nó cosúil leis an mbealach, inar cuireadh iad in iúl sular bhain mé 18 mbliana d'aois amach, agus tugaimse toiliú don scoil déanamh amhlaidh.

Chun críche na hiarrata seo, cuir d'ainmní/d'ainmnithe ar an eolas faoi do chinneadh é/í/iad a ainmniú agus faigh uathu an fhaisnéis a theastaíonn thíos. Iarr ar d'ainmní/d'ainmnithe an iarraidh seo a shíniú freisin.

Ainm an Ainmní/na nAinmnithe:

(a)	(b)

Admhaímse agus aontaímse,

_____, gur de mo dhéoin féin a rinne mé an iarraidh seo chun mo shonraí pearsanta a chomhroinnt agus nár cuireadh aon iallach orm an iarraidh a dhéanamh. Admhaímse agus aontaímse freisin nach raibh mé faoi éigeantas agus an fhoirm ainmniúcháin seo á síniú agam agus gur roghnaigh mé an iarraidh seo a dhéanamh go feasach deonach.

Sínithe: _____

Dáta: _____

(Dalta/ábhar sonraí)

Admhaímse, _____, an
iarraidh seo agus toilím leis seo leis an ainmniúchán a fhágann go
bhfaighidh mé sonraí pearsanta ón scoil maidir leis an ábhar
sonraí. Tugaim an toiliú seo go feasach deonach.

Sínithe: _____

Dáta: _____

(Ainmní 1)

Admhaímse, _____, an
iarraidh seo agus toilím leis seo leis an ainmniúchán a fhágann go
bhfaighidh mé sonraí pearsanta ón scoil maidir leis an ábhar
sonraí. Tugaim an toiliú seo go feasach deonach.

Sínithe: _____

Dáta: _____

(Ainmní 2)

Fealsúnacht an Choláiste

B'é mar thoradh ar an gcónascadh idir Scoil Ghobnatan agus Coláiste Íosagáin sa bhliain 1989 a bunaíodh Coláiste Ghobnatan. Coláiste Pobail fé phátrúnacht Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus Deoise Chluana atá ann agus tugann mana an Choláiste an leide is fearr ar fhealsúnacht an Choláiste:

Go Buaic do Chumais

Táthar ag súil go ndéanfaidh gach dalta tréan iarracht ina chuid oibre spioradálta, acadúil agus praiticiúil chun buaic a gcumais a bhaint amach.

Oideachas Gaelach Chríostaí tré mheán na Gaeilge a chuirtear ar fáil dár ndaltaí go léir anseo i gColáiste Ghobnatan. Deinimid cúram de gach dalta mar bhall den iomlán agus mar dhuine aonair chun féinmheas, féinmhuinín, freagracht agus macántacht a chothú ann, i dtimpeallacht chairdiúil, shábhailte, chothrom.

Táimid ana mhórálach as ár ndaltaí agus tá toradh a ndíograis (i mbun gach ghné dá saoil) le feiscint sna torthaí a ghnóthaíonn siad ina gcuid scrúdaithe. Cuireann sé seo ar a gcumas dul ar thóir gairme dá rogha féin bíodh sé in Institiúidí 3ú leibhéal nó ar scéimeanna traenála cosúil leis na cinn speisialta sin eagraithe ag Udarás na Gaeltachta ar mhaithe le hóige an cheantair.

Bord Bainistíochta an Choláiste

Tá Coláiste Ghobnatan fé chomh phátrúnacht ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus ag Deoise Chluain Uaimh. Tá ballraíocht an Bhoird Bainistíochta ceapaithe mar seo a leanas:

Ainmníonn an Deoise triúr.

Ainmníonn an Bord Oideachais agus Oiliúna triúr.

Bíonn beirt ainmnithe ag Tuismitheoirí an Choláiste.

Bíonn beirt ainmnithe ag Múinteoirí an Choláiste.

Tá an Príomhoide ina Rúnaí ar an mBord.

Strúchtúr Riaracháin

An Príomhoide

An Leas-Phríomhoide

Príomhoidí Cúnta I

Príomhoidí Cúnta II

Oidí Ranga.

An Lá Scoile: Tinreamh, tráthúlacht, as láithreacht, fágaint agus fillleadh ar an scoil.

Tosnaíonn ranganna ar maidin ag 9.00 r.n. agus ba chóir do dhaltaí a bheith i láthair ag 8.50 r.n. chun am a bheith acu ullmhú dá ranganna.

Bíonn trí rang roimh sos na maidine (9.00–9.40; 9.40–10.20; 10.20–11.00). Bíonn sos 15 nóiméad ag 11.00 agus bíonn trí rang idir san agus am lóin ag 1.15 (11.15–11.55; 11.55–12.35; 12.35–1.15). Tá 35 nóiméad ar fáil don lón agus tar éis lóin siad seo na socraithe:

Dé Luain, Dé Máirt, Déardaoin agus Dé hAoine bíonn trí rang tar éis lóin (1.50–2.30; 2.30–3.10; 3.10–3.50). Críochnaíonn an lá scoile ag a 3.50 na laethanta seo.

Dé Céadaoin, Bíonn leath lá ar an gCéadaoin, mar sin críochnaíonn an lá scoile ag 1.15.

Níl sé ceadaithe d’aon dalta an scoil a fhágaint le linn an lá scoile gan nóta mínithe ó thuismitheoirí/chaomhnóirí/ghaolta freagracha eile. Ní mór d’aon dalta a fhágann an scoil le linn an lae an leabhar **Fágaint Na Scoile Go Luath** a bheith sínithe san oifig. Ar fhilleadh ar ais roimh dheireadh an lá scoile nó ar theacht ar scoil déanach, ní mór an leabhar **Teacht Ar Scoil Déanach** a bheith sínithe san oifig.

Ní mór do gach dalta bheith in am do gach rang i rith an lae scoile. Breacfar sa dialann agus ar VSWare (taifead leictreonach) é má bhíonn dalta déanach go rialta. Má leanann an cleachtadh seo ar ghaidh déanfar teagmháil leis an mbaile.

Má tá dalta as láthair don chéad tréimhse ar maidin, cuirfear téacs teachtaireacht abhaile muna bhfuil míniú (nóta/glao gutháin) tugtha roimh ré.

Maidir le as láithreacht rialta cuirfear rialacha an BNLO i bhfeidhm:

Ó tháinig an Acht Leasa Oideachais i bhfeidhm tá dualgas ar scoileanna tinreamh gach dalta a áireamh. Fén Acht seo tá dualgas dlíthiúil ar scoil tuairisc a chur fé bhráid an Oifigeach Leasa Oideachais áitiúil sa chás go bhfuil:

Dalta fé bhun 16 bliana d'aois ag fágaint na scoile.

Aon dalta as láthair ón scoil ar feadh fiche (20) lá, nó níos mó, ina iomlán, i rith na scoil bliana.

Má bhíonn tréimhse fada nó eachtraí rialta as láithreacht, ba chóir do thuismitheoirí teagmháil leis an scoil chun an scéal a mhíniú.

Sábháilteacht

Tá freagracht sábháilteachta ar gach duine sa scoil. Ní mór do dhaltaí aire a thabhairt dá sábháilteacht féin agus do shábháilteacht daoine eile.

Ba chóir do gach dalta fanacht ar scoil le linn an lá scoile. Níl cead ag daltaí an scoil a fhágaint le linn an lá scoile ach amháin i dteannta a dtuismitheoirí nó a ngaolta agus le nóta mínithe ó thuismitheoirí/caomhnóirí atá tugtha roimh ré. Gan nóta, beidh teagmháil déanta le bhaile roimh cead imeachta a thabhairt. Ní mór síniú amach ag an oifig i ngach cás.

Ba chóir do gach dalta bheith aireach faoi chúrsaí sábháilteachta agus bealaí éalaithe tine agus, i gcás aslonnú, comhairle na múinteoirí a leanúint.

Níl cead ag daltaí cur isteach ar fhearas sábháilteachta na scoile, ná fearas na scoile a úsáid gan chead agus maoirseacht.

Ar bhonn sláinte, sábháilteachta agus timpeallachta araon, tá cosc ar ghuma coganta agus tá cosc ar bhruscar a fhágaint nó a scaipeadh timpeall.

Seirbhís Tacaíochta

Tá séiplíneach agus comhairleoir ar fáil sa choláiste chun tacú le daltaí go mbíonn brú nó buairt fé leith orthu.

Má bhíonn fadhb agat nó comhairle uait ba chóir duit labhairt le duine acu seo: duine ded' chlann, go háirithe do thuismitheoirí; dalta atá níos sine ná tú féin; múinteoir ábhar; Oide Ranga; an Séiplíneach, an Comhairleoir, an Leas-phríomhoide nó an Príomhoide.

Roinn do bhuaire le duine éigin, bíonn anamchara uainn go léir.

Gaolainn

Is Coláiste Lán Ghaeilge Ghaeltachta é Coláiste Ghobnatan. Mar sin, is í an Ghaeilge gnáth theanga an Choláiste – gnáth theanga teagaisc, gnáththeanga chaidrimh agus gnáth theanga chumarsáide.

Táthar ag súil go nglacann gach dalta agus tuismitheoir leis seo, go dtacaíonn agus go n-aontaíonn siad go mbeidh Gaeilge á úsáid, fán lae, gach lá.

Tuigimid go bhfuil réimse leathan chumais ag daltaí agus gur mar a chéile é maidir lenár dteanga dhúchais ach, ag an am gcéanna beidh sé de dhualgas ar gach scoláire a dhícheall a dhéanamh Gaolainn a úsáid agus, le himeacht aimsire, feabhas a chur uirthi.

Tugann an Polasaí don Oideachas Gaeltachta deis dúinn ár dteanga dúchais a chaomhnú, a fheabhsú agus a shaibhriú. Bíodh sé mar thoradh gur sinne a sheas an fód chun ár dteanga a choimeád beo agus láidir.

Tuismitheoirí

Tá Comhairle na dTuismitheoirí an-thábhachtach d’obair an Choláiste. Cuireann an Chomhairle tuairimí agus comhairle ar fáil do Bhainistíocht an Choláiste ar bhonn rialta. Cuirtear fáilte roimh a dtuairimí bainteach le polasaithe an Choláiste agus is grúpa fuinniúil, tacúil iad, a oibríonn go dícheallach chun tograí éagsúla a mhaoiniú chun mhaitheasa dár ndaltaí. Bí linn – bheadh fáilte romhat a bheith páirteach.

Toisc gur ar scáth a chéile a mhairimid go léir, iarrtar ar thuismitheoirí:

- Tacú le Comhairle na dTuismitheoirí agus ballraíocht a ghlacadh ann más mian.
- Tacú go muiníneach agus go dílis le hobair na scoile.
- Cinntiú go mbeidh meas ag daltaí ar an scoil, ar

- mhúinteoirí agus ar dhaltaí eile.
- Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí na scoile agus go háirithe bheith i láthair ag cruinnithe Múinteoirí/Tuismitheoirí.

Comhairle na nDaltaí

Tugann Comhairle na nDaltaí árdán agus guth dos na mic léinn deacrachtaí speisialta a chur os comhair bainistíocht an Choláiste. Tugann sé seans chomh maith tionchar a bheith acu ar pholasaithe agus ar ghníomhaíochtaí an Choláiste. Bíonn toghchán gach Meán Fhómhair agus roghnaítear beirt ionadaí – cailín agus buachaill – as gach rang.

Caitheamh Aimsire / Corp Oideachais / Spórt

Moltar do gach aon dalta páirt a ghlacadh i gcúrsaí spóirt nó i gcaitheamh aimsire sláintiúil éigin amuigh fén aer. Ar an mbonn san caithfidh gach dalta páirt a ghlacadh sna ranganna corp oideachais atá ar chlár na scoile dóibh.

Moltar do gach dalta suim a chur i gcaitheamh aimsire pearsanta éigin mar cheol, aisteoireacht, léitheoireacht, cluichí nó ceird éigin a sheasódh leo ar feadh a saoil. Más suim duit grúpa/club nua a bhunú, bí i dteagmháil le múinteoir chun tacú leis seo. Má tá an féidearthacht ann, tacóimid leis.

Cód Iompair

Aidhmeanna an Chóid

Is mar threoir ar iompar agus dul chun cinn gach dalta a chuirtear smacht i bhfeidhm. Cuirtear béim fé leith ar féin mheas agus ar mheas ar chearta daoine eile. Ba chóir do gach dalta an cód iompair seo a mheabhrú agus na treoracha a leanúint.

Éide Scoile

BUACHAILLÍ: Geansaí, carbhat agus bríste dúghorm, léine gorm geal, stocaí dorcha agus bróga dubha.

CAILÍNÍ: Geansaí, carbhat agus bríste nó sciorta, go dtí an ghlúin, dúghorm, léine gorm geal, stocaí dorcha agus bróga dubha.

Níl éide spóirt, “jeans” ná “combats” inghlactha mar aon pháirt den éide scoile.

Seodra Ceadaithe

Uaireadóir amháin

Fáinne méir amháin ar gach lámh

Fáinne cluaise stoda – ceann amháin i ngach cluas.

Ní bheidh aon seodra sa bhreis ar an méid seo ceadaithe.

Gutháin Póca / Soghluaiste

Níl aon chúis mhaith go mbeadh guthán póca ina sheilbh ag aon dalta le linn an lá scoile. Ní dhiúltaítear riamh d’aon dalta glaoch gátarach a chur ar thuismitheoir ó ghuthán na hoifige agus mar sin tá cosc iomlán ar ghuthán póca bheith ag aon dalta ar scoil. I gcásanna eisceachtúla, is féidir le dalta guthán póca, le nóta mínithe ó thuismitheoir, a fhágaint san oifig ar maidin agus é a bhailiú arís tar éis scoile más gá an guthán póca a bheith acu um thráthnóna.

Tás againn go léir na deacrachtaí atá cruthaithe ag míúsáid gutháin póca. **‘Sé mórthuirim an choláiste ná go bhfuil an**

saol scoile i bhfad níos sábháilte agus tráthúil gan gutháin a bheith ina seilbh ag daltaí i rith an lae scoile. Cabhraigh linn le'd'hoil chun an riail seo a chur i bhfeidhm go dlúth agus go hiomlán, gan gearán, gan eisceacht.

I gcás go mbíonn guthán ag dalta ar scoil beidh an riail seo i bhfeidhm:

Guthán Póca:

An chéad uair: Coimeádfar an guthán san oifig ar feadh coicíse nó go dtagann tuismitheoir chun é a bhailiú.

Gach uair eile: Mar atá thuas agus fíneáil/coimeád istigh.

Ceamara Digiteach /Físe Nó Seinnteoir Mp3/Mp4/ srl.

Níl aon chúis mhaith go mbeadh trealamh dá leithéid seo ar scoil ag aon dalta le linn an lá scoile. Mar sin, má bhíonn an trealamh ina seilbh, ar scoil, ag aon dalta, coigisteófar an trealamh go dtí go mbaileoidh tuismitheoir ón scoil é.

Cófraí, Bia & Deoch

Tá cófraí á chur ar fáil do gach dalta – ba chóir úsáid a bhaint as an gcófra ar maidin (roimh 8.50), le linn na sosanna (11.00–11.15 nó 1.15–1.50) nó tar éis an rang deireanach um thráthnóna. Níor chóir bheith ag iarraidh dul go dtí an cófra idir ranganna nó le linn ranganna agus má leantar leis an gcleachtas seo caillfear úsáid an chófra.

Is leis an scoil an cófra agus mar sin tá an ceart ag údaráis na scoile pé cófra gur mian a oscailt ‘is a chuardach aon uair ar bith. Ní cóir d’aon dalta bia a bhreith isteach in aon rang leo – níl cead bheith ag ithe sa seomra ranga /sa rang.

An Dialann

Cuireann Coláiste Ghobnatan an Dialann Scoile ar fáil do gach dalta. Tá an Dialann agus a bhfuil inti mar phríomh chuid den gCód Iompair. Is é atá i gceist leis an Dialann ná:

- Nasc luachmhar an Dialann seo idir an scoil agus baile agus moltar do thuismitheoirí an Dialann a scrúdú go laethúil agus a bheith sínithe go seachtainiúil.
- Tinreamh, tráthúlacht agus dul chun cinn an dalta a thaifead agus a scrúdú.
- Obair bhaile laethúil an dalta a thaifead.
- Iompar laethúil (dearfach agus diúltach) an dalta a thaifead agus a scrúdú.
- Nasc caidrimh a chruthú idir an scoil agus an baile.
- Foirmeacha ina dtugann tuismitheoirí an dalta cead scríofa do ghnó agus ócáidí áirithe.
- Tá sé de dhualgas ar gach dalta an Dialann Scoile seo a bheith ar fáil.

Iompar Sa Rang

Bí in am don rang agus imigh díreach ó rang amháin go rang eile. Níl cead dul go dtí na leithrisí ná go dtí do chófra idir ranganna. Bí ullamh don rang. Bíodh d'obair bhaile agus do chuid staidéir déanta. Bíodh do leabhair, cóipleabhair agus pé trealamh atá ag teastáil agat. Comhoibrigh leis na múinteoirí agus le do chomhscoláirí agus lean pé teoracha a thugann do mhúinteoirí duit.

Ná bí ag ithe ná ag ól sa rang agus fág an seomra néata id' dhiaidh. Bíodh do dhialann agat i gcónaí.

Iompar Pearsanta

Ar bhonn sláinte agus sábháilteachta tá cosc iomlán ar:

- chaitheamh tobac (nó “vápáil”) sa scoil nó ina timpeallacht agus/nó ar ghníomhaíochtaí scoile.
- ól nó ar sheilbh alcóil, drugaí nó substaintí andúileacha eile ar scoil agus/nó ar ghníomhaíochtaí scoile.
- droch chaint, rud atá taircisiúil d’aon duine,
- ghuma coganta, bia beagmhaitheasa (criospaí, seacláid), deochanna deochanna fiosaí is a leithéid.

Bulaíocht

Tá polasaí láidir in aghaidh bulaíochta ag an scoil. Ní ghlactar leis go bhfuil an ceart ag aon dalta tabhairt fé aon dalta eile, go fisiciúil, tré mhagadh, tré imeaglú, tré mhaslú, tré teagmháil míoiriúnach nó in aon slí eile.

Tá sé mar aidhm againn sa scoil seo féin mheas agus meas ar dhaoine eile a chothú.

Spreagaimid daltaí chun aon eolas atá acu faoi bhulaíocht a thabhairt do duine dá gclann, go háirithe do thuismitheoirí; dalta atá níos sine ná iad féin; múinteoir ábhar; Oide Ranga; an Séiplíneach, an Comhairleoir Bean Uí Thuama, an Leas-phríomhoide nó an Príomhoide.

Deintear deileáil go láidir le haon dalta a bhíonn bainteach le haon saghas bulaíochta (féach an suíomh idirlíne www.colaiasteghobnatan.ie don pholasaí féin agus na céimeanna a ghabhann leis).

Leibhéil Acadúil

Tá sé mar pholasáí i gColáiste Ghobnatan go ndéanfadh gach dalta a dhícheall chun an leibhéal is airde dá gcumas a dhéanamh i ngach ábhar.

Tabharfar gach tacaíocht is féidir, faoin gcóras oideachais, chun seo a dhéanamh ach go gcaithfí glacadh leis gur tré mhéan na Gaeilge a dhéanfaí an obair.

Sa chás go mbeadh ar dhalta an leibhéal staidéir a athrú, caithfear an cheist a phlé leis an dalta, lena thuismitheoirí agus leis an bpríomhoide/leas-phríomhoide agus caithfidh aontú a bheith ann roimh chinneadh a dhéanamh.

Rialacha Iompair an Choláiste

1. Is í an Ghaeilge gnáth theanga an Choláiste – labhair í i gcónaí sa Choláiste agus in imeachtaí uile an Choláiste.
2. Ní mór do dhaltaí a bheith dea-bhéasach i gcónaí lena chéile agus lena múinteoirí agus ní mór dóibh meas a bheith acu ar shealúchas na scoile agus ar shealúchas dhaoine eile.
3. Tá sé riachtanach do gach dalta a dícheall a dhéanamh ó thaobh obair scoile agus obair bhaile de agus gan bac a chur le foghlaim ná le dul chun cinn aon dalta sa Choláiste.
4. De réir an dlí agus ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht, tá cosc iomlán ar chaitheamh tobac (nó “vápáil”), ar deochanna mheisciúla agus ar dhrugaí mídhleathacha sa Choláiste, ina timpeallacht agus ar aon turas bainteach leis an gColáiste.
5. Tá an éide scoile iomlán le caitheamh i gcónaí ach amháin le linn ranganna Corp Oideachais nuair ba chóir éide agus bróga oiriúnacha a chaitheamh.
6. Níl cead an Coláiste a fhágaint i rith an lae scoile, gan chead scríofa ó thuismitheoirí agus ón oifig roimh ré.
7. Ní mór do gach dalta bheith in am maith ar maidin. Caithfear nóta mínithe ó thuismitheoirí a sholáthar má bhíonn dalta déanach ag teacht ar scoil.
8. Tá sé an-thábhachtach go mbeadh gach dalta ar scoil gach lá scoile agus go gcuirfeadh thuismitheoirí scéal chun na scoile chun gach eachtra asláithreachais a mhíniú.

9. Caithfear obair bhaile a bhreacadh go cúramach sa Dialann ag deireadh gach ranga agus ní mór don Tuismitheoir an Dialann a shíniú gach seachtain.
10. Ní mór do dhaltaí an clós, an scoil agus na seomraí ranga a choimeád glan, néata i gcónaí agus a gcuid bruscair a chur isteach i mboscaí brúscair.
11. Tá cosc ar ghutháin póca a bheith ina seilbh ag aon dalta le linn an lá scoile. (I gcásanna eisceachtúla is féidir le dalta guthán póca a fhágaint san oifig – le nóta mínithe ó thuismitheoir – ar maidin agus é a bhailiú arís tar éis scoile más gá dóibh guthán póca a bheith acu um thráthnóna.)
12. Tá cosc ar trealamh pictiúirí agus/nó ceoil digiteach (ceamara ghuthán, ceamara digiteach, ceamara físe digiteach, MP3/MP4 srl) agus ar trealamh taifead a bheith ina seilbh ag aon dalta le linn an lae scoile.

Córas Smachta / Smacht Bhannaí

Tá sé de dhualgas ar gach dalta a dhícheall a dhéanamh i ngach rang, timpeall na scoile agus in imeachtaí scoile. Baineann sé seo le dul chun cinn foghlaim agus teagaisc an dalta féin, daoine eile sa rang, mar aon le pobal na scoile. Mar sin, níl sé inghlactha go mbeadh aon dalta ag sárú an nóis seo.

Ma bhíonn dalta ag déanamh faillí ar a gcuid oibre nó ag cur isteach ar an rang nó i gcás mí-iompair:

1. Pléfidh an múinteoir ábhair agus an dalta an mí-iompar léirithe. Cuirfidh an múinteoir ‘**nóta cuimhneacháin**’ i gcorp na dialainne (fé ‘Barúlacha an mhúinteora’) le bheith **sínithe** ag an tuismitheoir. Úsáidfidh an múinteoir dúch dath dearg chuige seo.
2. Ag leanúint le iompar mí-oiriúnach, tabharfaidh an múinteoir ábhair **Foirm Mhachnaimh** don dalta le bheith críochnaithe laistigh d’achar áirithe ama. Cuirfidh an múinteoir ábhair nóta i gcorp na dialainne ag rá (‘FM tugtha’, dáta agus siniú an mhúinteora). Beidh an fhoirm mhachnaimh **sínithe** ag an ndalta féin agus an tuismitheoir. Tá sé de dhualgas ag an dalta féin an fhoirm a thabhairt don mhúinteoir in am aontaithe. Leanfar go dtí an chéad chéim eile muna bhfuil.

3. Glaofaidh an múinteoir ábhair ar thuismitheoir/caomhnóir chun iompar an dalta a phlé. Cuirfidh an múinteoir ábhair **nóta ar chúl na dialainne** le bheith **sínithe** ag an thuismitheoir/caomhnóir. Coiméadfar an dalta **istigh ag am lóin**. Líonfaidh an dalta ‘Bileog Mhachnaimh’. Pléfidh an múinteoir ábhair agus an dalta an fhoirm mhachnaimh.
Baintear pribhléidí ó aon dalta atá sa chóras smachta ag an bpointe seo.
4. Muna mbíonn feabhas, tionólfar **cruinniú** idir an dalta, an Múinteoir Ábhair agus an Oide Ranga. Tógfaidh an Oide Ranga miontuairiscí an chruinnithe. Cuirfidh an Múinteoir Ábhair **glaoch** ar thuismitheoir/caomhnóir chun an chruinniú a phlé.
5. Muna mbíonn feabhas, tógfaidh **an Coiste Smachta** an cás ón muinteoir ábhair. Úsáidfí an duine seo réimse leathain **stráitéisí** chun iompar an dalta a fheabhsú. Rachaidh **an Coiste Smachta** i **dteagmháil** le thuismitheoir chun an iompar a phlé (Tionólfar cruinniú idir an dalta, thuismitheoir agus **an Coiste Smachta**, más gá).
6. Muna dtagann feabhas ar iompar an dalta, cuirfidh **an Coiste Smachta** an cás go dtí an Leas-Phríomhoide le moladh faoin gcéad chéim eile.

7. Téann an cás fé bhráid an phríomhoide.

Tá sé de chead ag múinteoirí agus bainistíocht na scoile tosnú ag aon phointe den gcóras nó, fiú, dalta a chur ar fionraí go bpléifí an scéal le tuismitheoir/caomhnóir.

Úsáidfear Córas dea-iompar chun iompar dearfach agus atmaisféar cruthaitheach a chothú i measc daltaí na scoile.

Pleanáil Smachtbhannaí

Drochiompar	Smachtbhanna (Samplach)
Leibhéal íseal	Íseal
Ag cur isteach ar an rang	Múinteoir ag labhairt leis an dalta
Ag caint as ord	Obair bhreise
Guma Coganta	Bileog Mhachnaimh
Ag labhairt Béarla thar n-ais le múinteoir	Nóta sa dialann
Gan obair bhaile	Scoil a ghlanadh
Ag dul chuig Taisceadáin idir ranganna	
Déanach don rang	
Éide scoile mícheart/droch-chruth ar dhalta	
Pleidhcíocht sa rang (Ag caitheamh rudaí, ag tógaint leabhair) & araile	
Gan éadaí Corpoideachais	
Gan trealamh/leabhair sa rang	

Leibhéal Meánach	Meánach
Damáiste do trealamh scoile	Istigh am lóin
Fón Póca ar scoil	Pribhléidí a bhaint
Ag diúltú an mhúinteora	5 nóimead bainte ag tús am lóin
Drochbhéasach / Sotalach ‘Cheeky’	Scoil a ghlanadh
Déanach Maidin Luain don Tionóil	Íoc as damáiste
Déanach go leanúnach	Glaoch abhaile
Bulaíocht	Coimead istigh tráthnóna*
Ag cur trealamh/málaí daltaí eile i bhfolach	
Ag streacadh éadaí daoine eile	
Éadaí Corpoideachais in easnamh go leanúnach	
Gan dialann scoile	
Leibhéal Ard	Ard
Alcóil, Toitiní, Drugaí, Vápáil sa scoil nó ar turasanna	Fionraí
Foréigean/ Daltaí ag troid	Fionraí inmhéanach
Drochchaint i gcoinne mhúinteora	
Cur isteach ar trealamh, shláinte agus shábháilteachta scoile.	
Bulaíocht	

Polasaithe

Tá cuid de polasaithe an choláiste le léamh ar shuíomh idirlíne an choláiste: www.colaisteghobnatan.ie. Más suim duit aon cheann eile a léamh, dean teagmháil leis an oifig.

Molaimid go háirithe go dtabharfá d'aird ar:

- Beartas Frithbhulaíochta Choláiste Ghobnatan
- Ráiteas Cosaint Leanaí Choláiste Ghobnatan

Clár an Choláiste

Leantar clár agus rialacha an Roinn Oideachais agus Scileanna agus is iad seo na hábhair atá ar chlár an Choláiste.

Ábhar	Bliain			
	1ú	2ú/3ú	4ú	5ú/6ú
Oideachas Reiligiúin	✓	✓	✓	✓
Corpoideachas	✓	✓	✓	✓
Riomhairí	✓	✓	✓	✓
Gaeilge	✓	✓	✓	✓
Béarla	✓	✓	✓	✓
Matamaitic	✓	✓	✓	✓
Fraincis	✓	✓	✓	✓
Eolaíocht	✓	✓		
Miotalóireacht	✓	☑		
Admadóireacht	✓	☑		
Grafaic Theicniúil	✓	☑		
Staidéar Gnó	✓	☑		
Stair	✓	☑	✓	☑
Tíreolaíocht	✓	☑	✓	☑
Eacnamaíocht Bhaile	✓	☑	✓	☑
Ealaín	✓	☑*	✓	☑*
Foirgneolaíocht			✓	☑
Innealtóireacht			✓	☑
Grafaic D&C			✓	☑
Gnó			✓	☑
Cuntasaíocht			✓	☑
Ceimic			✓	☑
Fisic			✓	☑
Bitheolaíocht			✓	☑
Eolaíocht Talmhaíochta			✓	☑
Gairmthreoir	✓	✓	✓	✓
Nascmhódúil CGAT				✓***

Taithí Oibre			✓	✓
Garchabhair			✓	
Sínis			✓	

✓ = Buan/Éigeantach.

☑ = Rogha 3 ábhar as 7 don Sraith Shóisearach nó Rogha 3 ábhar as 10 don Ard Teist.

* Um thráthnóna tar éis scoile.

**Dóibh siúd atá cáilithe chuige.